



AN GARDA SÍOCHÁNA

Plean Póilíneachta Rannach DMR Theas 2023

“Keeping People Safe”
“Ag Coinneáil Daoine Sábháilte”



Réamhrá ón Oifigeach Rannach

Tá áthas orm Plean Póilíneachta Rannáin Theas do Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR) do 2023 a chur i láthair.

Is é plean 2023 an dara ceann de thrí phlean bhliantúla ag tógáil ar chuspóirí ár Ráiteas Straitéise 2022-2024. Tá plean 2023 dúshlánach agus réadúil araon, creidim. Féachfaimid le hardchaighdeán cáilíochta seirbhíse, gairmiúlachta agus tiomantais a choinneáil agus a fheabhsú tuilleadh.



Le linn 2023 féachfaidh mé le leanúint ar aghaidh ag forbairt tionscnamh nua de réir mholtaí an Choimisiúin um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn agus de réir na Samhla Oibriúcháin nua. Tá sé mar aidhm agam leibhéal na póilíneachta ard-infheictheachta a mhéadú, leanúint le forfheidhmiú na póilíneachta bóithre a mhéadú agus ar an gcaoi sin infheictheacht mhéadaithe a sholáthar, agus leanúint de rannpháirtíocht an phobail a mhéadú, go háirithe don óige, agus do dhaoine agus do ghrúpaí leochaileacha.

Gné de phóilíneacht nua-aimseartha is ea í a aithint mar phríomhsheirbhís phoiblí agus an caidreamh atá aici le seirbhísí poiblí eile atá ag dul i méid. Forbraíodh an plean seo tar éis anailís treochtaí, feidhmíocht, athbhreithniú, comhairliúchán agus comhoibriú le páirtithe leasmhara agus grúpaí leasmhara éagsúla laistigh de Rannán Theas DMR.

Is fearr is féidir póilíneacht ár sochaí a bhaint amach trí phróiseas comhpháirtíochta a bhaineann leis an nGarda Síochána agus le hionadaithe tofa go daonlathach na bpobal a bhfreastalaíonn an Garda Síochána orthu, agus le rannpháirtíocht na hearnála pobail agus deonaí. Tá a dhearcadh agus a ionchuir shainiúla féin le tairiscint ag gach ceann de na comhpháirtithe sin. Tá sé seo riachtanach do phóilíneacht éifeachtach, éifeachtúil agus chuntasach. Glacfaidh ár straitéis phóilíneachta cur chuige rannpháirtíochta pobail agus réitigh fadhbanna trí phóilíneacht phobail agus ar an gcaoi sin cumhacht a thabhairt do phobail áitiúla.

Tá an Garda Síochána tiomanta d'oibleagáidí dearfacha dualgais seirbhíse poiblí faoi alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann 2014, a leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh orthu in 2023 trí thionscnaimh a bhaineann lenár straitéis éagsúlachta agus cuimsithe, lenár mbeartas maidir le coireacht fuatha agus lenár gcumas maidir le cearta an duine a fhorbairt.

Úsáidfídh mé an plean seo chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn póilíneachta le linn 2023 agus déanfaidh mé straitéisí póilíneachta áitiúla a choigeartú, de réir mar is gá, i bhfianaise measúnuithe ráithiúla ar an bplean póilíneachta seo agus mar fhreagairt ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Peter Duff
Ard-Cheannfort



Sonraí Teagmhála do Rannáin – Glaoigh ar 999 nó 112 i gcás éigeandála

Cuireann na sé stáisiún seirbhís phóilíneachta 24/7 ar fáil, le huaireanta oscailte stáisiún srianta i dTír an Lúir agus i mBóthar Ghrianréime.

Ceannfoirt, agus teagmháil oifige	Stáisiún	Uaireanta Oscailte	Teileafón
An Ceannfort Paul Maher Ceantar Chromghlinne / Thír an Lúir Fón 01-6666280	Cromghlinn	24 uair sa lá 7 lá sa tseachtain	01-6666200
	Bóthar Ghrianréime	7am go 9pm	01-6666600
	Tír an Lúir	7am go 9pm	01-6666400
	Ráth Maonais	24 uair sa lá 7 lá sa tseachtain	01-6666700
An Ceannfort Thomas Gormley Ceantar Thamhlachta Fón 01-6666080	Tamhlacht	24 uair sa lá 7 lá sa tseachtain	01-6666000
	Ráth Fearnáin	24 uair sa lá 7 lá sa tseachtain	01-6666500
Tá eolas maidir le hoifigigh éagsúlachta an Rannáin le fáil anseo ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána.			
Tá eolas maidir le hoifigigh Coiscthe Coireachta an Rannáin a fháil anseo ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána.			
Tá eolas maidir le cigirí um Imeaglú bainteach le drugaí an Rannáin a fháil anseo ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána.			



1. Pobal

Leanúint ar aghaidh le naisc le pobail a neartú agus ag obair i gcompháirt chun daoine a choinneáil sábháilte.

Spriocanna Náisiúnta

1.1 Obair i gcompháirt, tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, réitigh inbhuanaithe a fhorbairt chun déileáil le hábhair atá ag déanamh inní don phobal

1.2 Seirbhís phóilíneachta a sholáthar a thugann aitheantas do na daoine éagsúla a bhfuilimid ag freastal orthu

1.3 Oibriú i gcompháirt le gníomhaireachtaí eile chun cosc a chur ar an d'íobháil a eascraíonn as mangaireacht drugaí i bpobail

Torthaí Rannacha

Réitigh inbhuanaithe a fhorbairt ar ábhair inní pobail tríd an gcreat Póilíneachta Pobail agus trí úsáid a bhaint as pobail, gnó agus údarás áitiúla chun réitigh spriocdhírthe ar ábhair inní an phobail a aithint.

Rannpháirtíocht le grúpaí mionlaigh, grúpaí óige, agus pobail leochaileacha eile d'fhonn tionscnaimh a fhorbairt a thugann aghaidh ar dhúshlán atá le sárú. Leanfaimid le hiontaoibh agus muintín a chothú le grúpaí leochaileacha agus mionlaigh trí idirghníomhaíocht, comhoibriú agus a athdhearbhú a chur chun cinn agus ar an gcaoi sin sásamh agus cuimsiú inár bpobal a mhéadú.

Leanúint ar aghaidh ag Cosaint teaghlach ó imeaglú, agus beidh aghaidh a thabhairt ar úsáid drugaí ar iompar poiblí fós ina fócas chun an pobal a chosaint ar dhíobháil a bhaineann le drugaí agus muintín i dtuairisciú a mhéadú.

1. Gnáthobair leis an bPobal

Obair	Modh	Obair	Modh
Anailís Coireachta agus Oibríocht Treoraithe		Oibríochtaí Curtha i bhFeidhm Láithreacha ina dTarláinn Coireacht	
Ag Obair le Páirtithe Leasmhara Pobail		Laethanta Oscailte Stáisiún an Gharda Síochána	
Comhairle um Chosc na Coireachta		Díriú ar Choireacht Drugaí	
Daltaí na hIdirbhliana chun Páirt a Ghlacadh i Taithí Oibre		Clár Feasachta agus Oideachais á reáchtáil i Scoileanna	
Rannpháirtíocht le hIonadaithe Tofa Áitiúla		Cruinnithe a reáchtáil Grúpaí Mionlaigh / Daoine Leochaileacha	
Óige ó Mhionlaigh Eitneacha a Chomhtháthú san Idirbhliain		Tacaíocht Chúil d'Íospartaigh na Coireachta Fuatha	
Clár Feasachta agus Oideachais á reáchtáil i Scoileanna			



2. Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach

A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis.

Spriocanna Náisiúnta

2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar chun dul i ngleic le coireacht ardmhínicíochta ionas gur féidir déileáil le treochtaí atá le tabhairt faoi deara faoi láthair agus treochtaí a bheidh le tabhairt faoi deara amach anseo

2.2 Leanúint ar aghaidh lenár n-acmhainn déileáil le calaois agus le coireanna cibearchumasaithe a fheabhsú

2.3 Cur isteach, ar bhealach réamhghníomhach, ar Choireacht Eagraithe agus ar Thromchoireacht i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta

Torthaí Rannacha

Leanúint ar aghaidh ag seachadadh freagraí tráthúla chun sábháilteacht an phobail a fheabhsú trí oibríochtaí ardfeiceála agus patróil spriocdhírithé, ag lorg laghdú ar theagmhais lonsaithe, gadaíochta, robála agus buirgléireachta.

Aghaidh a thabhairt ar leitheadúlacht na coireachta cibear - chumasaithe amhail calaois trí fheachtasaíocht agus feasacht fheabhsaithe ar shlándáil phearsanta. Cuideoidh sé seo lenár gcumas imscrúdaithe amhádú chun freagairt do chalaois agus do choireacht cibearchumasaithe ar leibhéal náisiúnta agus aidhm chun oiliúint a chur ar phearsanra chun acmhainn áitiúil a thógáil agus an cineál sin coireachta a imscrúdú go leordhóthanach.

Cuirfimid isteach go réamhghníomhach ar choireacht eagraithe agus thromchúiseach d'fhonn an pobal a chosaint ar dhíobháil dhíreach nó chomhthaobhach.

2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

Obair	Modh	Obair	Modh
Patróil déanta sa Rannán		Comhairle um Chosc ar Choireacht don Chalaois Phoiblí/ Coireacht Chibearchumasaithe	
Patróil faoi Cheilt sa Rannán		Patróil Spriocdhírithé in Áiteanna ina dTarlaíonn Coireacht	
Coirpigh atá ag gabháil do Choireacht Eagraithe ag Leibhéil Éagsúla a Aithint agus Dul sa Tóir Orthu		Dea-Chleachtais maidir le hOiliúint Chuí	
Príomhtháscaire	Príomhtháscaire		
Aiseolas ó Chomhchoistí Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail	Laghdú ar Líon na nLonsaithe, an Oird Phoiblí agus na gCionta Frithshóisialta	Laghdú ar Líon na gCoireanna Calaoise /Cibearghaolmhara	Laghdú ar Choireanna Robála agus Buirgléireachta
Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána		Tomhaiste trí Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail	



3. Íospartaigh & Daoine Leochaileacha

Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna na n-íospartach agus gach duine leochaileach atá ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

Spriocanna Náisiúnta

3.1 A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach atá ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána an tseirbhís agus na tacaíochtaí cuí agus go leagtar béim ar leith ar fhoréigean teaghlaigh, gnéasach agus inscnebhunaithe

3.2 Córas de thomhas bunaithe ar thorthaí le haghaidh gach cineál coireachta a leabú, sa bhreis ar ghnáth-thuairisciú staitistiúil coireachta

3.3 Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forfheidhmiú iompar freagrach ar ár mbóithre trí bheith ag obair i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile

Torthaí Rannacha

A chinntiú go bhfaigheann gach íospartach agus duine leochaileach na hardleibhéil bhreithnithe agus seirbhíse céanna atá ailínithe le beartais náisiúnta, lena n-áirítear glaonna ar ais a chuirtear ar fáil go tráthúil agus go cuí. Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mothaíonn íospartaigh go dtacaítear leo agus go leanann siad ar aghaidh ag feabhsú muiníne maidir le cosaint an Gharda Síochána a lorg.

Páirt a ghlacadh agus feacht a thógáil i gcur i bhfeidhm tomhais bunaithe ar thorthaí do gach cineál coireachta indéanta. Tuiscint níos fearr a fhorbairt ar theorainneacha san imscrúdú, agus feabhas a chur ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'íospartaigh, do pháirtithe leasmhara agus dóibh siúd atá ag obair i bhforbairt beartais.

Ag baint úsáide as beartas náisiúnta, sonraí agus rannpháirtíocht chomhpháirtíochta forbróimid pleananna áitiúla chun cabhrú le dul i ngleic le hiompar tiománaithe. Is éard a bheidh i gceist lenár gcuid oibre ná oideachas, forfheidhmiú, teagmháil le húdaráis áitiúla agus le comhpháirtithe eile agus é mar aidhm againn feabhas a chur ar imní faoi shábháilteacht ar bhóithre agus sábháilteacht gach úsáideora bóthair a chinntiú go réamhghníomhach.

2. Ár nGnáthchaighdeáin Oibre agus Seirbhíse

Obair	Modh
Monatóireacht Leanúnach ar Rátaí Teagmhála Iar-theagmhais	
Litreacha d'Íospartaigh curtha ar fáil	
Cur i bhfeidhm Uirlis Measúnaithe um Fhoréigean Teaghlaigh	
Teagmháil Leanúnach Le Tusla	

Príomhtháscaire

Monatóireacht ar Phríomhtháscairí Feidhmíochta

Tomhaiste trí Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail

Tuairisciú Méadaithe ag Íospartaigh an Fhoréigin Baile

Obair	Modh
Íospartaigh curtha ag lár Sheirbhís an Gharda Síochána	
Cur i bhfeidhm Phlean Oibríochta Póilíneachta Bóithre	
Seicphointí a Dhírítear ar Thiomáint faoi Thionchar Drugaí Déanta	
Infheictheacht Mhéadaithe inár bPobail	

Príomhtháscaire

Bás agus Tromghortuithe ar ár mBóithre Laghdaithe

Mothaíonn Íospartaigh na Coireachta go bhfuil siad ar an Eolas faoi Thacaíochtaí atá ar Fáil



4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus pobal an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí dá leasanna ríthábhachtacha.

Spriocanna Náisiúnta

4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála atá mar bhonn le slándáil agus acmhainn faisnéise an Gharda Síochána a neartú

4.2 Ullmhacht do mhóréigeandálaí a chinntiú trí oiliúint, forbairt feasachta leanúnach in An Garda Síochána agus rannpháirtíocht i gníomhaíochtaí Bainistíochta Móréigeandála

4.3 Oibríochtaí bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh, oibriú i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus cur isteach orthu

Torthaí Rannacha

Trí cumas faisnéise áitiúil a úsáid, díreoidimid ar dhíriú ar na daoine sin a bhfuil baint acu le coireacht agus iad a bhriseadh suas. Laghdóidh sé seo tionchar na coireachta sna pobail agus feabhsóidh sé sábháilteacht an phobail trí fheabhas a chur ar an bpictiúr faisnéise ar bhagairtí agus ar threochtaí coireachta atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn as a dtiocfaidh cur isteach ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha.

Coinneoidimid líon cuí de bhaill an Gharda Síochána oile go leordhóthanach má nochtar iad do Mhóréigeandáil.

Rochtain a dhiúltú do ghrúpaí sceimhlitheoirí nó do dhaoine aonair agus cur isteach ar a ngluaiseachtaí trína chinntiú go bhfuil baill an Gharda Síochána ar an eolas faoi aon bhagairtí féideartha.



5. Athrú & Nuálaíocht Inbhuanaithe

Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.

Spriocanna Náisiúnta

5.1 Acmhainn agus Cumas Athraithe in An Garda Síochána a fheabhsú tríd an bplean forbartha acmhainne Bainistíochta Athraithe a chur i bhfeidhm.

5.2 Forbairt a dhéanamh ag féachaint do thodhchaí an Gharda Síochána, éifeachtacht agus soláthar seirbhíse a neartú agus ár gcuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh, bunaithe ar fhís an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn

5.3 Cur leis na cleachtais inbhuanaithe atá bunaithe in An Garda Síochána cheana féin trí Phlean Inbhuanaitheachta Comhshaoil an Gharda Síochána a bheidh ailínithe le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais

Torthaí Rannacha

Spreagfaimid pearsanra ina ról tar éis oiliúna mar chuid de líonraí a thacaíonn le hathrú leanúnach agus seirbhís fheabhsaithe, lena n-áirítear cláir nuachóirithe, Cearta an Duine, agus frith-éilliú, cuntasacht agus caighdeán a neartú.

Ionchorpraítear cur i bhfeidhm na bprionsabal seo ar fud an phlean seo, feabhas a chur ar chomhoibriú le pobail agus institiúidí, struchtúir bhainistíochta áitiúla, córais nua-aimseartha próiseála sonraí, cuntasacht agus caighdeán.

Cleachtais inbhuanaithe a leabú go háitiúil, ag ailíniú gníomhaíochtaí leis an bPlean Náisiúnta Inbhuanaitheachta Comhshaoil nuair a sheolfar é, lena n-áirítear Bainisteoirí Saoráidí Rannáin atá cumhachtaithe chun tacú leis an bpróiseas seo trí oiliúint. Ár gcion a dhéanamh ar mhaithe le timpeallacht níos glaine agus níos glaise



Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Glacann An Garda Síochána leis go mbaineann tábhacht le feidhmiú mar eagraíocht atá dírithe ar dhaoine.

Spriocanna Náisiúnta

E1.1 Cur lenár gcumas tacaíochtaí oiriúnacha Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, chun cur ar chumas ár bpearsanra a ról a chur i gcrích go héifeachtach

E1.2 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár bpearsanra trí thionscnaimh sláinte agus folláine a chur i bhfeidhm atá ailínithe le prionsabail na Straitéise Sláinte agus Folláine

Torthaí Rannacha

Leanfaimid orainn ag cinntiú go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar phearsanra i réimsí tosaíochta, agus ag an am céanna spreagfaimid féinforbairt chun lucht saothair oilte oiriúnaitheach a thógáil. Lucht saothair atá níos sona agus níos gníomhaí.

Tiomantas d'ionad oibre níos fearr a chruthú ag cur folláine chun tosaigh. Meabhairshláinte agus Folláine a chur chun cinn agus iarracht a dhéanamh lucht saothair níos sláintiúla, níos sásta agus níos gníomhaí a bhaint amach.



Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Páirt a ghlacadh in agus tacú le comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha chun leanúint ar aghaidh lenár n-eolas, seirbhís agus éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach.

Spriocanna Náisiúnta

E2.1 Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe chun ár gcur chuige ildisciplíneach a fheabhsú

E2.2 Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar dheiseanna comhoibríú le speisialtóirí, ollscoileanna, moil taighde agus ceannairí smaointeoireachta inmheánacha agus seachtracha

Torthaí Rannacha

Tógfaimid ar phríomh-chomhpháirtíochtaí chun pobal níos sábháilte a chur chun cinn trí rannpháirtíocht le grúpaí creideamhbhunaithe agus le heagraíochtaí deonacha a spreagadh. Muinín na bpobal áitiúil a choinneáil trí obair ildisciplíneach, teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe áitiúla i sábháilteacht an phobail, agus comhordú agus cumarsáid níos fearr a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha.

Leanfaimid orainn ag éisteacht le comhlachtaí pobail agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus ag obair leo chun réitigh inbhuanaithe ar shaincheisteanna pobail a chinntiú.



Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhéthro a fhorbairt trí chainéil nua agus cainéil atá bunaithe cheana féin.

Spriocanna Náisiúnta

E3.1 Rannpháirtíocht dhéthro le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla a neartú, éisteacht le agus riachtanais ár bpobal a thuiscint.

E3.2 Torthaí Iníúchadh Cultúir an Gharda Síochána a thuiscint agus freagairt dó

Torthaí Rannacha

Eiseofar an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail gach bliain agus tabharfar tuilleadh léargais ann. Forbairt pleananna amach anseo le smaointe arna mbailiú go himheánach agus go seachtrach chun tacú le cur chuige neartaithe i leith sábháilteachta pobail agus san ionad oibre.

Déanfaimid ár ndícheall na tacaíochtaí is fearr a sholáthar dár ndaoine ionas gur féidir linn feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirimid ar fáil do phobail. Tá bainistíocht an Gharda Síochána tiomanta dá chinntiú go dtarlóidh athrú agus go dtabharfar aghaidh ar ábhair inmí trí phleananna gníomhaíochta náisiúnta agus áitiúla.



Cumasóir 4: Cumhachtú & Iontaoibh

Tacú le cultúr de chumhachtú agus iontaoibh, atá fréamhaithe in ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

Spriocanna Náisiúnta

E4.1 Tacú le hiompar gairmiúil agus a leithéid a neartú i measc phearsana an Gharda Síochána, agus cultúr de chumhachtú agus d'iontaoibh a chothú.

E4.2 Samhail Oibríocháin Eagrúcháin an Gharda Síochána a Rolladh Amach

Torthaí Rannacha

Gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar eiteiciúil agus caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn. Beidh cearta an duine ar thús cadhnaíochta sa mhéid a chuirimid ar fáil, seirbhís a bhfuil ról shoiléire shainithe aici lena gcinnteofar sábháilteacht agus slándáil phearsanta na ndaoine a ndéanaimid freastal orthu.

Tríd an tSamhail Oibríocháin cumasóimid rannpháirtíocht níos mó sa phobal, cuirfimid sábháilteacht an phobail agus seirbhísí gairmiúla chun cinn chun tacú le póilíneacht oibríochtúil agus chun feidhmíocht agus cuntasacht a fheabhsú



Cumasóir 5: Póilínacht Bunaithe ar Fhaisnéis

Seirbhís atá bunaithe ar fhaisnéis a fhorbairt, úsáid a bhaint as sonraí agus teicneolaíocht chun tacú le héifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht.

Spriocanna Náisiúnta

E5.1 Póilínacht bunaithe ar fhaisnéis a fheabhsú trí Threochlár TFC 2023 a chur i bhfeidhm, ár bhFís Sonraí agus Teicneolaíochta a fhorbairt

E5.2 Comhsheasmhacht ár sonraí a fheabhsú tríd an bpróiseas cáilíochta sonraí a oibríochtú, a bheidh bailíochtaithe ag athbheithniú seachtach

Torthaí Rannacha

Tacú le seachadadh an Treochláir TFC, trí pháirt a ghlacadh i rolladh amach na bpríomhchóras, a dtairbhí a uasmhéadú. Trí úsáid a bhaint as gléasanna soghluaisteachta a fheabhsaíonn éifeachtúlacht na nGardaí atá gníomhach.

Tacú le hionchur agus athbheithniú sonraí ardchaighdeáin d'fhonn léargais a uasmhéadú chun tacú le póilínacht faoi threoir faisnéise. Cáilíocht sonraí agus ar ár dtuiscint ar fud raon réimsí póilínachta a fheabhsú.



Aguisín: Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail (PAS)

Cuspóirí Straitéiseacha	Bearta
<p>Pobal - Leanúint ar aghaidh ag neartú nasc le pobail, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cion na bhfreagróirí a thuiriscíonn sástacht le Seirbhís áitiúil an Gharda Síochána. Cion na bhfreagróirí a bhraitheann nach ndéileálann an Garda Síochána le rudaí atá tábhachtach sa phobal. Cion na bhfreagróirí a luann go gcaitheann Gardaí sa cheantar le gach duine go cothrom beag beann ar cé hiad féin. Cion na bhfreagróirí a thuiriscíonn go néisteann an Garda Síochána le hábhair inmí na ndaoine áitiúla. Cion na bhfreagróirí a luann go gcaitheann na Gardaí leat le meas dá mbeadh teagmháil agat leo ar chúis ar bith. Cion na bhfreagróirí a bhraitheann go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal.
<p>Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach - A bheith ag súil le coireacht agus déileáil lena leithéid ar bhonn réamhghníomhach, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus atá ag teacht chun cinn, úsáid a bhaint as cuir chuige phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cion na bhfreagróirí a bhraitheann gur fadhb thromchúiseach nó an-tromchúiseach í an coireacht go háitiúil. Cion na bhfreagróirí a bhfuil inmí orthu nó go mbeidh siad féin nó aon duine a chónaíonn leo ina n-íospartach cibearchoireachta. Cion na bhfreagróirí a bhfuil eagla orthu faoi leibhéal na coireachta i gcoitinne. Cion na bhfreagróirí nach bhfuil aon tionchar ag inmí faoi choireacht ar cháilíocht a mbeatha. Cion na bhfreagróirí atá ar an eolas faoi phatróil an Gharda Síochána. Cion na bhfreagróirí a dúirt go raibh siad ina n-íospartach den chineál céanna coireachta níos mó ná uair amháin le 12 mhí anuas. Cion na bhfreagróirí a luann go ndíríonn an Garda Síochána ar chearta an duine. Cion na bhfreagróirí a mheasann go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach maidir le dul i ngleic leis an gcoireacht. Cion na bhfreagróirí a bhraitheann go bhfuil láithreachtaí an Gharda Síochána ina gceantar áitiúil ceart go leor. Cion na bhfreagróirí a luann gur féidir braith ar na Gardaí i mo cheantar nó go bhfuil siad ann nuair a theastaíonn siad uait.
<p>Íospartaigh & Daoine Leochaileacha - Díobháil a laghdú trí dhínit agus Cearta an Duine íospartach agus gach duine leochaileach atá i mbun idirghníomhaíochta le An Garda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cion na n-íospartach atá sásta go leor nó an-sásta leis an gcaoi ar láimhseáil an Garda Síochána a gcás. Cion na n-íospartach a thuiriscíonn an choir is déanaí a tharla dóibh. Céatadán na bhfreagróirí a luaigh gur fhreagair Gardaí go tapa nuair a tuairiscíodh an eachtra den chéad uair maidir leis an teagmhas is déanaí. Cion na bhfreagróirí a dúirt go ndeachaigh an Garda Síochána i dteagmháil leo tar éis gur tuairiscíodh a dteagmhas is déanaí.
<p>Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht - Tacú le cultúr d'fheabhas leanúnach agus a leithéid de chultúr a spreagadh, nuálaíocht agus freagrúlacht d'athrú a fheabhsú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Cion na bhfreagróirí a bhraitheann go bhfuil an Garda Síochána nuaimseartha agus forásach.
<p>Cumasóirí -</p> <ol style="list-style-type: none"> Daoine & Cuspóir Comhpháirtíochtaí Rannpháirtíocht Cumhachtú & Iontaoibh Póilíneacht Bunaithe ar Fhaisnéis 	<ul style="list-style-type: none"> Cion na bhfreagróirí a luann go bhfuil an Garda Síochána dea-bhainistithe. Cion na bhfreagróirí a aontaíonn nó a aontaíonn go láidir go bhfuil an Garda Síochána ionadaíoch ar na pobail éagsúla a bhfreastalaíonn sé orthu. Cion na bhfreagróirí a thuiriscíonn go bhfuil muinín idir meán agus ard acu as an nGarda Síochána.



Banc Deilbhíní

Ciall	Deilbhín
	Cruinniú fíorúil
	Cruinniú a mbíonn daoine i láthair go pearsanta
	Teileafón
	Ríomhphost
	Post
	Raidió
	Teilifís
	Trí na meáin shóisialta
	Feachtais sna Meáin
	Oiliúint
	Trí chórais chorparáideacha
	Gardaí i láthair go pearsanta
	Gardaí i nGnáthéadaí
	CCTV
	De shiúl na gcos
	Ar rothar
	Le Carranna
	Le Gluaisrothar
	Ar bhusanna
	Ar thraenacha





01 6666292/2/3/4/5



www.garda.ie



Crumlin_DV@garda.ie